# SEIRBHÍS AN PHÓSTA

**Iontráil**

***Seasann an pobal***

***Tig leis an mhinistir beannú do lucht an phósta;***

Is beannaithe iad sin a thagann in ainm an Tiarna.
Beannaímid sibh as teach an Tiarna.
Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é,
agus go maireann a bhuanghrá go brách. *Salm 118;26, 136;1 (athraithe)*

***Is féidir iomann a cheol, nó ceol uirlise a sheinm le linn na hiontrála.***

**AN BEANNÚ**

Go raibh an Tiarna libh.
**Agus leat féin**

***Féadann an ministir a rá***

Is grá é Dia agus iad sin a mhaireann sa ghrá maireann siad i nDia agus maireann Dia iontu. *1 Eoin 4: 16*

**An Intreoir**

***Deir an ministir***

Táimid bailithe le chéile anseo i láthair Dé, le fianaise a dhéanamh le pósadh … agus …, lena bheannacht a iarraidh orthu agus le bheith páirteach ina lúcháir. ’aoi é féin ár dTiarna Íosa ar phósadh i gCána na Galailí, agus trína Spiorad tá sé linn anois.

Cuireann an scrioptúr an pósadh os ár gcomhair mar chuid de chruthú Dé agus mar rúndiamhair naofa ina ndéantar aon fheoil d’fhear agus de bhean. Is é rún Dé éde réir mar a thugann fear agus bean iad féin dá chéile i ngrá le linn a saoil, go n-aontófar sa ghrá sin iad mar a aontaítear Críost lena Eaglais.

Ordaíodh an pósadh go dtiocfadh le fear agus bean fortacht agus cuidiú a thabhairt dá chéile, ina gcónaí go dílis le chéile trí shéan agus trí léan, trí bhrón agus trí áthas. Tá siad chun aithne a chur ar a chéile le haoibhneas agus le cineáltas trí ghrá; agus trí lúcháir a n-aontachta corpartha tá siad chun aontacht a gcroí agus a mbeatha a neartú.

Dlitear dóibh go mbeannófaí iad sna páistí a bheadh acu, ag tabhairt aire dóibh agus a dtógáil de réir toil Dé, dá mholadh agus dá ghlóir.

Sa phósadh cuireann fear agus bean tús le saol úr i measc an phobail. Buancheangal atá sa phósadh ar chóir go mbeadh urraim ag cách dó; Ní cóir tabhairt faoi go faillíoch, go héadrom, nó go leithliseach, ach trí chabhair Dé, le hurraim, le freagracht, le meas agus le gealltanas na dílseachta.

Tá … agus … ag gabháil a chur tús le slí bheatha a chruthaigh agus a bheannaigh Dia. Tabharfaidh siad a gcead dá chéile; glacfaidh siad lámha a chéile, agus malartóidh siad móideanna sollúnta, agus mar chomhartha air seo, tabharfaidh siad agus glacfaidh siad fáinne.

Mar sin de, ar lá a bpósta guímis in éineacht leo, go gcomhlíona siad rún Dé, á neartú agus á dtreorú aige, ar feadh a saoil ar talamh le chéile.

**AN ORTHA**

***Deir an ministir***

A Dhia uilechumhachtaigh,
trí do Mhac Íosa Críost cuireann tú an Spiorad Naomh

le bheith mar sholas agus mar bheatha ag do phobal uile;
Oscail croí na searbhóntaí seo agat
chun saibhreas a ghrásta,
le go mbeire siad toradh an Spioraid
i ngrá agus in áthas agus i síocháin;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

**Ag Fógairt agus ag Glacadh leis an Bhriathar**

***Léacht amháin nó níos mó as an Scrioptúr Naofa.***

**LÉACHTAÍ**

*Gein 1: 26-28; Laoi na Laoithe 2: 10-13; 8: 6,7; Cóheilit 3: 1-8; nó 4: 9-12; Irimia 31: 31-34*

*Salm 67; 121; 127; 128*

*Rómh 12: 5-7;13; 1Cor 13; Eif 3: 14-21; nó 4: 1-6; nó 5: 21-33; Fil 4: 4-9; Col 3: 12-17; 1Eoin 3: 18-24 nó 4: 7-12*

*Matha 5: 1-10; nó 7: 21, 24-27; Marcas 10: 6-9, 13-16; Eoin 2: 1-11; nó 15: 1-8 nó 15: 9-17*

**AN tSEANMÓIR**

**An Pósadh**

***Deir an ministir leis an phobal***

Iarrann an dlí orm fiafraí dá bhfuil i láthair anseo an bhfuil fáth ar bith ar eolas acu cad chuige nach bpósfadh … agus … go dlíthiúil, é sin a fhógairt anois.

***Deir an ministir leis an lánúin***

Na móideanna a bhfuil sibh ar tí iad a ghlacadh, tá siad le glacadh in ainm Dé, atá mar bhreitheamh ar an uile ní, agus a bhfuil gach rún ár gcroí ar eolas aige;
Mar sin de má tá fáth ar bith ar eolas ag ceachtar agaibh cad chuige nach bpósfadh sibh go dlíthiúil, tá oraibh é a fhógairt anois.

**AN CEAD**

***Deir an ministir leis an fhear***

… , an toil leat … a ghlacadh mar bhean chéile agat?
An toil leat grá, fortacht, onóir agus aire a thabhairt di,
agus ag tréigean gach uile mhná eile,
tú féin a dhlúthú léise amháin fhad is a mhairfidh sibh araon?

***Freagraíonn an fear***

**Is toil liom.**

***Deir an ministir leis an bhean***

… , an toil leat … a ghlacadh mar fhear céile agat?
An toil leat grá, fortacht, onóir agus aire a thabhairt dó,
agus ag tréigean gach uile fhir eile,
tú féin a dhlúthú leisean amháin fhad is a mhaireann sibh araon?

***Freagraíonn an bhean***

**Is toil liom.**

## NA MÓIDEANNA

***Tugann an fear agus an bhean aghaidh ar a chéile. Glacann an fear lámh dheas na mná ina láimh féin, agus deir***

Is mise …, agus glacaim leatsa, … mar bhean chéile agam,
le bheith agam agus le do dhlúthú liom ón lá seo amach,
más fearr más measa dúinn,
más saibhir, más daibhir,
in easláinte agus i sláinte,
le grá agus le téagar duit,
go scara an bás sinn,
de réir naomhreachta Dé;
is é seo mo mhóid shollúnta.

***Scaoileann siad lámha. Glacann an bhean lámh dheas an fhir ina láimh féin, agus deir***

Is mise …, agus glacaim leatsa, … mar fhear céile agam,
le bheith agam agus le do dhlúthú liom ón lá seo amach,
más fearr más measa dúinn,
más saibhir, más daibhir,
in easláinte agus i sláinte,
le grá agus le téagar duit,
go scara an bás sinn,
de réir naoimhreachta Dé;
is é seo mo mhóid shollúnta.

***Scaoileann siad lámha óna chéile.***

## AG TABHAIRT AGUS AG GLACADH FÁINNE

***Glacann an ministir na fáinní (an fáinne) agus féadtar a rá***

A Athair neamhaí,
go raibh na fáinní seo, *(an fáinne seo)*
mar chomhartha grá gan teorainn,
agus mar chomhartha dílseachta
le cur i gcuimhne do … agus do …
fán mhóid agus fán chúnant atá déanta acu inniu.

***Glacann an fear an fáinne, agus cuireann ar an cheathrú méar ar láimh chlé na mná é, agus a choinneáil ansin, deir sé***

Tugaim an fáinne seo duit
mar chomhartha ár bpósta.
Umhlaím duit le mo cholainn,
agus bronnaim ort a bhfuil de mhaoin shaolta agam;
in ainm Dé, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.

***Más é seo an t-aon fháinne a úsáidtear, sula scaoileann siad lámha óna chéile, deir an bhean***

Glacaim an fáinne seo
mar chomhartha ár bpósta.
Umhlaím duit le mo cholainn,
agus bronnaim ort a bhfuil de mhaoin shaolta agam;
in ainm Dé, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.

***Má thugann an bhean fáinne, scaoileann siad lámha óna chéile agus cuireann sí an fáinne ar an cheathrú méar ar láimh chlé an fhir, agus a choinneáil ansin, deir sí***

Tugaim an fáinne seo duit
mar chomhartha ar ár bpósta.

Umhlaím duit le mo cholainn,
agus bronnaim ort a bhfuil de mhaoin shaolta agam;
in ainm Dé, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.

### AN DEARBHÚ

***Labhraíonn an sagart leis an phobal.***

I bhfianaise Dé agus os comhair an phobail seo
thug … agus … a gcead agus a móideanna pósta dá chéile.
D'fhógair siad a bpósadh trí shnaidhmeadh lámh,
agus trí fháinne a thabhairt agus a ghlacadh.
Mar sin de, in ainm Dé, fógraím gur lánúin phósta iad.

***Ansin cuireann an sagart lámha deasa an fhir agus na mná le chéile, agus deir***

An ní a cheangail Dia,
ná scaoileadh duine é. *Marcas 10.9*

### AN BHEANNACHT

***Fanann an pobal ina seasamh.***

***Téann an fear agus an bhean ar a nglúine, agus deir an sagart***

Go mbeannaí agus go gcaomhnaí agus go gcumhdaí Dia sibh,
an tAthair, agus an Mac, agus an Spiorad Naomh;
go ndeona an Tiarna saibreas a ghrásta go trócaireach oraibh,
go gcaithe sibh bhur saol le chéile i ndílseacht agus i ngrá,
agus tíolacthaí na beatha síoraí go bhfaighe sibh. **Áiméan.**

***Féadann an lánúin nuaphósta a rá***

**A Dhia ár nAthair,**
**bheir muid buíochas duit as ár saol a aontú**
**agus muid a thabhairt dá chéile i gcomhlíonadh an ghrá.**
**Tabhair aire dúinn i gcónaí,**
**treoraigh agus cumhdaigh sinn,**
**agus tabhair dúinn muinín agus foighid;**
**agus muid lámh ar láimh le chéile i do láimhse**
**go mbaine muid neart díotsa agus dena chéile**
**trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.**

### DEARBHÚ AN PHOBAIL

***Deir an sagart***

An dtugann sibhse, teaghlach agus cairde … agus …,
an dtugann sibh tacaíocht agus uchtacht dóibh ina bpósadh?

**Tugaimid.**

### NA COMHGHARTHA

Is beannaithe tú, a Athair neamhaí;
**tugann tú lúcháir don fhear agus don bhean nuaphósta seo.**

Is beannaithe tú, a Thiarna Íosa Críost;
**thug tú saol úr chuig do phobal uile.**

Is beannaithe tú, a Naomhspiorad Dé;
**tugann tú le chéile i ngrá sinn.**

Go mbeannaítear an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh;
**aon Dia amháin le moladh go deo.**

***Féadtar an pósadh a chlárú san eaglais, anois nó ag deireadh na seirbhíse.***

***Féadtar salm nó iomann a cheol.***

**Na Paidreacha**

***Téann an lánúin ar a nglúine ag Tábla an Tiarna***

***Is é an ministir, nó daoine eile a cheapann sé, a deir na paidreacha; baintear úsáid as ceachtar den dá fhoirm seo a leanas. Is féidir paidreacha eile a chur leo.***

***Féadtar tost a choinneáil***

**AN CHÉAD FHOIRM**

Anois nuair atá … agus … tugtha dá chéile faoi nasc an phósta, guímis go gcoinne Dia iadsan, agus gach lánúin phósta eile, dílis dá móideanna pósta.Go gcónaí is go bhfása siad le chéile i ngrá agus faoi shíocháin ar feadh a saoil,

A Thiarna, faoi do thrócaire,
**éist lenár nguí.**

Go gcomhlíona siad na móideanna sin a thug siad le chéile i d'fhianaise, go fírinneach agus go dílis,

A Thiarna, faoi do thrócaire,
**éist lenár nguí.**

Go raibh a saol le chéile mar fhianaise ar do ghrá sa domhan achrannach seo; go száraí an aontacht deighilt, go leigheasa an maithiúnas gortú, is go mbeire an t-áthas bua ar an bhrón,

A Thiarna, faoi do thrócaire,
**éist lenár nguí.**

Go raibh a mbaile mar ionad grá, dídine, agus fírinne, (agus go mbeannaítear iad trí thabhartas páistí,)

A Thiarna, faoi do thrócaire,
**éist lenár nguí.**

Guímis ar son a dteaghlach agus a gcarad, agus ar son a bhfuil páirteach leo i sonas an lae seo,

A Thiarna, faoi do thrócaire,
**éist lenár nguí.**

Guímis ar son d'Eaglaise, aontaithe le Críost mar bhean dá fear, go raibh sí dílis dó i ngrá agus i bhfírinne,

A Thiarna, faoi do thrócaire,
**éist lenár nguí.**

Cuimhnímid le buíochas ar ár ngaolta agus ar ár gcairde a d'imigh ón saol seo i do mhuinín agus i d'eagla, go háirithe … agus impímid ort go raibh muid rannpháirteach leo in áthas do ríochta síoraí,

A Thiarna, faoi do thrócaire,
**éist lenár nguí.**

**A Athair na trócaire,**
**glac leis na hachainíocha seo uainn**
**as ucht do Mhic,**

**ár Slánaitheoir, Íosa Críost. Áiméan**

***Ar leanúint ar lch 410***

**AN DARA FOIRM**

***Deirtear paidir nó dhó díobh seo.***

***Ar son an fhir agus na mná***

A Thiarna Dia,
is tú atá dílis ó ghlúin go glúin beannaigh iad seo do sheirbhísigh,
Go raibh do bhriathar mar lampa dá gcosa,
agus solas dá gcasán;
go raibh siad umhal do do thoil,
go raibh siad sábháilte faoi do dhídean,
is go gcónaí siad i do ghrá a fhad is a mhaireann siad;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia uilechumhachtaigh, bronntóir an ghrá agus na beatha;
Beannaigh …, agus …, atá aontaithe anois agat i bpósadh.
Deonaigh dóibh eagna agus dílseacht ina saol le chéile,
go raibh siad mar chrann taca dá chéile in am an ghátair,
mar fhortacht i mbrón, agus mar chompánach in áthas.
Aontaigh a dtoil faoi do thoilse
agus a spiorad faoi do Spioradsa,
go maire agus go gcónaí siad le chéile
i ngrá agus faoi shíocháin,
ar feadh a saoil;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Athair na gcumhachtaí agus na trócaire,
is tú neart dá gcuireann a muinín ionat;
Thug tú …, agus …, le chéile,
agus guímis ort go ndéana tú iad a shaibhriú trí do ghrásta,
go gcoinne siad na móideanna sin a thug siad dá chéile i d’fhianaise;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia, choisric tú an pósadh
mar chomhartha na haontachta spioradálta
idir Críost agus a Eaglais;
Beannaigh iad seo do sheirbhísigh,
go dtuga siad grá agus onóir dá chéile,
is go gcumhdaí siad a chéile,
i ndílseacht agus le foighid,
in eagna agus i bhfíordhiagacht;
go raibh a mbaile mar ionad beannachta agus síochána;
trí Íosa Críost ár dTiarna,
a rialaíonn is atá beo leatsa agus leis an Spiorad Naomh,
aon Dia amháin, anois agus de shíor. **Áiméan.**

A Dhia na ngrást, cara agus compánach,
amharc anuas go fabhrach ar …, agus …,
agus ar a bhfuil aontaithe sa phósadh.
I do ghrá, cuir lena ngrá,
agus neartaigh a dtoil
chun na móideanna a thug siad inniu a choinneáil,
agus go maire siad i ndílseacht dá chéile ar feadh a saoil;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia ár gcruthaitheoir,
bheir muid buíochas duit ar son do thabhartais, an grá collaí,
ina dtugann an fear agus an bhean aoibhneas dá chéile,
agus iad páirteach leatsa san áthas a bhaineann le cruthú na beatha úire.
Trí do ghrásta, go maire grá …, agus … buan,
agus go raibh ríméad orthu i do mhórmhaitheas ar feadh a saoil,
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

***Ar son tabhartas páistí***

A Athair neamhaí, déantóir an uile ní,
cuireann tú ar ár gcumas bheith páirteach in obair na cruthaíochta agat;
beannaigh an lánúin seo trí thabhartas páistí,
agus tabhair grásta dóibh a mbaile a dhéanamh
mar ionad grá, sábháilteachta agus fírinne,
go bhfása a gclann aníos in aithne ort,
agus i ngrá duit
trí do Mhac, Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

***Ar son na fianaise Críostaí sa phósadh***

A Dhia shíoraí, a fhíorAthair ghráúil,
aontaíonn tú do sheirbhísigh sa phósadh;
Go raibh a saol le chéile mar fhianaise ar do ghrá
sa saol achrannach seo,
go sáraí an aontacht deighilt,
go leigheasa an maithiúnas gortú,
is go mbeire an t-áthas bua ar an bhrón;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

A Dhia uilechumhachtaigh,
ár nAthair neamhaí,
cheap tú an pósadh mar fhoinse beannachta;
Bheir muid buíochas duit as aoibhneas saol an teaghlaigh;
Go n-aithní muid go bhfuil tú féin agus do shíocháin linn sa bhaile,
líon ár dteaghlaigh le do ghrá, agus bain feidhm astu chun do ghlóire;
trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

***Féadann an lánúin a rá***

**A Dhia na míne agus an nirt,**
**is tú a thug le chéile,**
**agus a threoraigh chun an lae seo sinn;**
**Bí linn anois trí shéan agus trí léan**
**agus trí gach athrú inár saol.**
**Beannaigh ár mbaile, ár dteacht agus ár n-imeacht.**
**Deonaigh dúinn bheith luachmhar dá chéile**
**agus aireach ar mhianta a chéile,**
**agus muinín againn i do ghrá trí Íosa Críost. Áiméan.**

## AN tSIOCHÁIN

Is é a dúirt Íosa,
Tá mé ag tabhairt na hAithne úrnua daoibh,
grá a thabhairt dá chéile;
an grá a thug mise daoibhse
an grá sin a thabhairt dá chéile. *Eoin 13.34*

Go raibh síocháin an Tiarna libh i gcónaí
**agus leat féin.**

***Tugadh an pobal comhartha na síochána dá chéile.***

***Is féidir seo a chur i láthair leis na focail;***

Tugaimis comhartha na síochána dá chéile.

***Is féidir iomann a cheol.***

***Ba chóir don fhear agus don bhean an Chomaoineach Naofa a ghlacadh nuair a phóstar iad, nó ar an chéad deis ina dhiaidh sin.***

***Nuair a cheiliúrtar an Chomaoineach Naofa le linn an phósta, cuirtear tús leis an Chomaoineach Naofa ag Ceiliúradh ag Tábla an Tiarna ar (lch 187) nó i gComaoineach Naofa a hAon ag, Ardaigí bhur gcroí in airde … (lch 163).***

**PREAFÁID AR LEITH**

Bheir muid buíochas duit
óir rinne tú an t-aontú idir Críost agus a Eaglais
mar eiseamláir ar an phósadh idir fear agus bean;

**AN PHAIDIR**

***Deir an ministir***

Guímis le chéile mar a theagasc ár Slánaitheoir Críost dúinn:

***nó,***

Mar a mhúin ár Slánaitheoir Críost dúinn, tá sé de mhisneach againn a rá:

**Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm,**
**go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil**
**ar talamh mar a dhéantar ar neamh.**
**Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.**
**Agus maith dúinn ár bhfiacha,**
**mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.**
**Agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ón olc.**
**Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht,**
**agus an ghlóir, trí shaol na saol. Áiméan.**

***Féadann an ministir a rá***

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir. **Áiméan.** *2 Cor 13.13*

***nó***

Go neartaí Dia an Tríonóid Naofa sibh i muinín agus i ngrá,
go gcosnaí sé sibh ar gach taobh,
is go dtreoraí sé sibh i bhfírinne agus i síocháin;
Agus go raibh beannacht Dé uilechumhachtaigh oraibh,
an tAthair, agus an Mac agus an Spiorad Naomh
agus go bhfana agaibh a choíche. **Áiméan.**

**NÓTAÍ**

1 Ba chóir scéal a chur chuig ministir an pharóiste a luaithe agus is féidir chun faill a thabhairt ullmúchán ceart tréadach a dhéanamh roimh an phósadh.

2 Caithfear gach léacht i bhFógairt agus Glacadh leis an Bhriathar a roghnú as an Scrioptúr Naofa. Is féidir na léachtaí a úsáid mar a bhfuil siad clóite sa tseirbhís seo, nó i ndiaidh Deimhniú an Phobail. Ag an Chomaoineach Naofa, bíonn ar a laghad dhá léacht ann, an Soiscéal ar cheann acu.

3 Is féidir iomainn agus cainticí a cheol ag pointí fóirsteanacha sa tseirbhís.

4 Ba chóir go roghnódh an ministir agus an lánúin le chéile na léachtaí, na hiomainn, an ceol agus na paidreacha le húsáid sa tseirbhís. Má tá Bíobla nó Tiomna Nua le bronnadh ar an lánúin is cóir seo a dhéanamh roimh na léachtaí.

5 Má cheiliúrtar an Chomaoineach Naofa ag an phósadh, níor chóir glacadh na sacraiminte a theorannú do bhuíon an phósta amháin.

Ar lá an phósta, má chúisíonn, nó má fhoilsíonn aon duine col ar bith, faoi nár chóir an fear agus an bhean pósadh go dlíthiúil, an té a chúisíonn nó a fhoilsíonn an col, éilítear ar an té sin suim airgid a chlúdódh costais an phósta agus aon chostais eile a ghabhann leis, a chur ar fáil, sin nó dul i mbannaí air trí urra a chur leis. Ní mór mar sin an pósadh a chur ar athlá, go bhfionntar an fhírinne. Mura bhfíoraítear an col, tabharfar an tsuim airgid a cuireadh ar fáil nó a tugadh mar bhannaí, ar láimh an fhir agus na mná. Is ar an té a chúisigh nó a d’fhoilsigh an col a thitfidh na costais dlí a ghabhann leis seo.